RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1479 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar tháirgí iascaigh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(5) agus Airteagal 52 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 maidir le táirgí iascaigh mar atá sainmhínithe in Airteagal 2 de. In Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin liostaítear na táirgí atá eisiata ón sainmhíniú ar tháirgí iascaigh. Féadfar an liosta de tháirgí eisiata a athbhreithniú gach bliain agus ba cheart é a leasú ar bhonn faisnéis nua arna bailiú faoin gcomhar riaracháin le tríú tíortha dá bhforáiltear in Airteagal 20(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

(2) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 a leasú dá réir sin.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Iascach agus Dobharshaothrú.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

Liosta na dtáirgí nach dtagann faoin sainmhíniú ar 'táirgí iascaigh' a leagtar amach i bpointe 8 d'Airteagal 2

ex Caibidil 3 ex 1604 ex 1605	Táirgí dobharshaothraithe a fuarthas ó éisc óga nó larbhaí
0302 91 00 ex 0302 99 00 0303 91 10 0303 91 90 ex 0303 99 00 0305 20 00 0305 72 00 ex 0305 79 00 ex 1604	Aenna, eochraí, lábáin, eití, (seachas eití éisc den aicme *Chondrichthyes*), cinn, eireabaill, lamhnáin snámha agus scairteach éisc inite eile
0301 11 00 0301 19 00	Éisc ornáideacha, beo
ex 0301 91	Bric (*Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache* agus *Oncorhynchus chrysogaster*), beo, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0301 92	Eascanna (*Anguilla* spp.), beo, arna ngabháil i bhfionnuisce
0301 93 00	Carbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), beo
ex 0301 99 11	Bradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), bradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), beo, arna ngabháil i bhfionnuisce
0301 99 17	Éisc fionnuisce eile, beo
ex 0302 11	Bric (*Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache* agus *Oncorhynchus chrysogaster*), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0302 13 00	Bradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0302 14 00	Bradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0302 19 00	Salmainidí eile, iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
0302 71 00	Tioláipianna (*Oreochromis* spp.), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
0302 72 00	Cait mhara (*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
0302 73 00	Carbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh

ex 0302 74 00	Eascanna (*Anguilla* spp.), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
0302 79 00	Péirsí Níleacha (*Lates niloticus*) agus cinn nathrach (*Channa* spp.), iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
0302 89 10	Éisc fionnuisce eile, iad úr nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
ex 0303 11 00	Bradáin dhearga (*Oncorhynchus nerka*), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0303 12 00	Bradáin eile an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0303 13 00	Bradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0303 14	Bric (*Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache* agus *Oncorhynchus chrysogaster*), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0303 19 00	Salmainidí eile, iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
0303 23 00	Tioláipianna (*Oreochromis* spp.), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
0303 24 00	Cait mhara (*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
0303 25 00	Carbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
ex 0303 26 00	Eascanna (*Anguilla* spp.), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh, arna ngabháil i bhfionnuisce
0303 29 00	Péirsí Níleacha (*Lates niloticus*) agus cinn nathrach (*Channa* spp.), iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
0303 89 10	Éisc fionnuisce eile, iad reoite, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh
0304 31 00	Filléid úra nó fhuaraithe tioláipianna (*Oreochromis* spp.)
0304 32 00	Filléid úra nó fhuaraithe cat mara (*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.)
0304 33 00	Filléid úra nó fhuaraithe péirsí Níleacha (*Lates niloticus*)
ex 0304 39 00	Filléid úra nó fhuaraithe carbán (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), eascanna (*Anguilla* spp.), arna ngabháil i bhfionnuisce, agus cinn nathrach (*Channa* spp.)
ex 0304 41 00	Filléid úra nó fhuaraithe bhradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), bradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), arna ngabháil i bhfionnuisce

ex 0304 42	Filléid úra nó fhuaraithe breac (*Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache* agus *Oncorhynchus chrysogaster*), arna ngabháil i bhfionnuisce
0304 49 10	Filléid úra nó fhuaraithe iasc fionnuisce eile
ex 0304 51 00	Feoil éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) seachas filléid, iad úr nó fuaraithe, de thioláipianna (*Oreochromis* spp.), de chait mhara(*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), carbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), d'eascanna (*Anguilla* spp.), arna ngabháil i bhfionnuisce, de phéirsí Níleacha (*Lates niloticus*) agus de chinn nathrach (*Channa* spp.)
ex 0304 52 00	Feoil éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) seachas filléid úra nó fhuaraithe salmainidí, arna gabháil i bhfionnuisce
0304 59 10	Feoil éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) seachas filléid úra nó fhuaraithe iasc fionnuisce eile
0304 61 00	Filléid reoite tioláipianna (*Oreochromis* spp.)
0304 62 00	Filléid reoite cat mara (*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.)
0304 63 00	Filléid reoite péirsí Níleacha (*Lates niloticus*)
ex 0304 69 00	Filléid reoite carbán (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), eascanna (*Anguilla* spp.), arna ngabháil i bhfionnuisce, agus cinn nathrach (*Channa* spp.)
ex 0304 81 00	Filléid reoite bhradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), bradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0304 82	Filléid reoite breac (*Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache* agus *Oncorhynchus chrysogaster*), arna ngabháil i bhfionnuisce
0304 89 10	Filléid reoite iasc fionnuisce eile
ex 0304 93	Feoil éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) seachas filléid, iad reoite, de thioláipianna (*Oreochromis* spp.), de chait mhara (*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), de charbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), d'eascanna (*Anguilla* spp.), arna ngabháil i bhfionnuisce, de phéirsí Níleacha (*Lates niloticus*) agus de chinn nathrach (*Channa* spp.)
0304 99 21	Feoil éisc (bíodh sí mionaithe nó ná bíodh) seachas filléid reoite iasc fionnuisce eile
ex 0305 31 00	Filléid éisc, iad triomaithe, saillte nó faoi sháile, ach gan bheith deataithe, de thioláipianna (*Oreochromis* spp.), de chait mhara (*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), de charbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), d'eascanna (*Anguilla* spp.), arna ngabháil i bhfionnuisce, de phéirsí Níleacha (*Lates niloticus*) agus de chinn nathrach (*Channa* spp.)
ex 0305 39 10	Filléid éisc, iad saillte nó faoi sháile, ach gan bheith deataithe, de bhradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), de bhradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus de bhradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), arna ngabháil i bhfionnuisce

ex 0305 39 90	Filléid éisc, iad triomaithe, saillte nó faoi sháile, ach gan a bheith deataithe, d'éisc fionnuisce eile
ex 0305 41 00	Bradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), bradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), iad deataithe, lena n-áirítear filléid, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0305 43 00	Bric (*Salmo trutta, Oncorhynchus mykiss, Oncorhynchus clarki, Oncorhynchus aguabonita, Oncorhynchus gilae, Oncorhynchus apache* agus *Oncorhynchus chrysogaster*), iad deataithe, lena n-áirítear filléid, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0305 44 10	Eascanna (*Anguilla* spp.), iad deataithe, lena n-áirítear filléid, arna ngabháil i bhfionnuisce
0305 44 90	Tioláipianna (*Oreochromis* spp.), cait mhara (*Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), carbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), péirsí Níleacha (*Lates niloticus*) agus cinn nathrach (*Channa* spp.), iad deataithe, lena n-áirítear filléid
ex 0305 49 80	Éisc fionnuisce eile, iad deataithe, lena n-áirítear filléid
ex 0305 52 00	Tioláipianna (*Oreochromis* spp.), cait mhara *Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), carbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), eascanna (*Anguilla* spp.), arna ngabháil i bhfionnuisce, péirsí Níleacha (*Lates niloticus*) aagus cinn nathrach (*Channa* spp.), iad triomaithe, bídís saillte nó ná bídís, ach gan a bheith deataithe
ex 0305 59 85	Éisc triomaithe fionnuisce eile, bídís saillte nó ná bídís, ach gan a bheith deataithe
ex 0305 64 00	Tioláipianna (*Oreochromis* spp.), cait mhara *Pangasius* spp., *Silurus* spp., *Clarias* spp., *Ictalurus* spp.), carbáin (*Cyprinus* spp., *Carassius* spp., *Ctenopharyngodon idellus, Hypophthalmichthys* spp., *Cirrhinus* spp., *Mylopharyngodon piceus, Catla catla, Labeo* spp., *Osteochilus hasselti, Leptobarbus hoeveni, Megalobrama* spp.), eascanna (*Anguilla* spp.), arna ngabháil i bhfionnuisce, péirsí Níleacha (*Lates niloticus*) aagus cinn nathrach (*Channa* spp.), iad saillte nó faoi sháile, ach gan a bheith triomaithe ná deataithe
ex 0305 69 50	Bradáin an Aigéin Chiúin (*Oncorhynchus nerka, Oncorhynchus gorbuscha, Oncorhynchus keta, Oncorhynchus tschawytscha, Oncorhynchus kisutch, Oncorhynchus masou* agus *Oncorhynchus rhodurus*), bradáin Atlantacha (*Salmo salar*) agus bradáin na Danóibe (*Hucho hucho*), iad saillte nó faoi sháile, ach gan a bheith triomaithe ná deataithe, arna ngabháil i bhfionnuisce
ex 0305 69 80	Éisc fionnuisce eile, iad saillte nó faoi sháile, ach gan a bheith triomaithe ná deataithe
0306 19 10	Cráifisceanna fionnuisce, iad reoite
ex 0306 31 00	Gliomaigh charraige agus piardóga mara eile (*Palinurus* spp., *Panulirus* spp., *Jasus* spp.), iad beo agus ornáideach
ex 0306 32 10	Gliomaigh (*Homarus* spp.), iad beo agus ornáideach
ex 0306 33 10 ex 0306 33 90	Portáin, iad beo agus ornáideach
ex 0306 34 00	Gliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*), iad beo agus ornáideach
ex 0306 35 50 ex 0306 35 90	Séaclaí fuaruisce agus cloicheáin fuaruisce (*Pandalus* spp., *Crangon crangon*), iad beo agus ornáideach
ex 0306 36 10	Séaclaí den fhine Pandalidae, seachas iad siúd den ghéineas *Pandalus,* iad beo agus ornáideach

ex 0306 36 50	Séaclaí den ghéineas *Crangon*, seachas iad siúd den speiceas *Crangon crangon*, iad beo agus ornáideach
ex 0306 36 90	Séaclaí agus cloicheáin eile, iad beo agus ornáideach
0306 39 10	Cráifisceanna fionnuisce, iad beo agus úr nó fuaraithe
ex 0306 39 90	Crústaigh eile, iad beo agus ornáideach; crústaigh arna ngabháil i bhfionnuisce
0306 99 10	Cráifisceanna fionnuisce, iad triomaithe, saillte nó faoi sháile; iad deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís
0307 11 10 0307 11 90 0307 12 00 0307 19 00	Oisrí, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; oisrí deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís
0307 21 10	Muiríní, lena n-áirítear cluaisíní, de na géinis *Pecten, Chlamys* nó *Placopecten*, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr nó fuaraithe
0307 21 90	Muiríní eile agus moilisc eile den fhine *Pectinidae*, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr nó fuaraithe
0307 22 10 0307 22 90	Muiríní, lena n-áirítear cluaisíní, de na géinis *Pecten, Chlamys* nó *Placopecten*, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad reoite
0307 22 95	Muiríní eile agus moilisc eile den fhine *Pectinidae*, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad reoite
0307 29 10	Muiríní, lena n-áirítear cluaisíní, de na géinis *Pecten, Chlamys* nó *Placopecten*, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad triomaithe, saillte nó faoi sháile; iad deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís
0307 29 90	Muiríní eile agus moilisc eile den fhine *Pectinidae*, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad triomaithe, saillte nó faoi sháile; iad deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís
0307 31 10 0307 31 90 0307 32 10 0307 32 90 0307 39 20 0307 39 80	Diúilicíní (*Mytilus* spp., *Perna* spp.), bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; diúilicíní deataithe, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís
ex 0307 42	Cudail agus máithreacha súigh, iad beo agus ornáideach
ex 0307 51 00	Ochtapais (*Octopus* spp.), iad beo agus ornáideach
0307 60 00	Seilidí, seachas seilidí mara, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; seilidí deataithe, seachas seilidí mara, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís
0307 71 00 0307 72 10 0307 72 90 0307 79 00	Breallaigh, ruacain agus breallaigh na hÁirce (na finte Arcidae, Arcticidae, Cardiidae, Donacidae, Hiatellidae, Mactridae, Mesodesmatidae, Myidae, Semelidae, Solecurtidae, Solenidae, Tridacnidae agus Veneridae), bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; breallaigh dheataithe, seachas ruacain agus breallaigh na hÁirce, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís
ex 0307 81 00 ex 0307 82 00	Cluasa mara (*Haliotis* spp.) agus sliogáin den ghéineas Strombus (*Strombus* spp.), iad beo agus ornáideach
0307 91 00 0307 92 00 0307 99 00	Moilisc eile, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, iad beo, úr, fuaraithe, reoite, triomaithe, saillte nó faoi sháile; moilisc dheataithe eile, bídís sa bhlaosc nó ná bídís, bídís cócaráilte roimh an bpróiseas deataithe nó ná bídís

ex 0308 11 00 ex 0308 21 00 ex 0308 30 80 ex 0308 90 10	Inveirteabraigh uisceacha seachas crústaigh agus moilisc, iad beo agus ornáideach; inveirteabraigh uisceacha fionnuisce seachas crústaigh agus moilisc
0308 30 50 0308 30 80	Smugairlí róin (*Rhopilema* spp.)
0308 90 10 0308 90 50 0308 90 90	Inveirteabraigh uisceacha eile seachas crústaigh agus moilisc
0309 10 00 0309 90 00	Plúir, min agus millíní, ó éisc, ó chrústaigh, ó mhoilisc agus ó inveirteabraigh eile uisce, atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine
ex 1604 11 00	Bradáin, arna ngabháil i bhfionnuisce, ullmhaithe nó leasaithe, iomlán nó i bpíosaí, ach nach bhfuil mionaithe
ex 1604 17 00	Eascanna, arna ngabháil i bhfionnuisce, ullmhaithe nó leasaithe, iomlán nó i bpíosaí, ach nach bhfuil mionaithe
ex 1604 19 10	Salmainidí, seachas bradáin, arna ngabháil i bhfionnuisce, ullmhaithe nó leasaithe, iomlán nó i bpíosaí, ach nach bhfuil mionaithe
ex 1604 19 91	Filléid iasc fionnuisce, iad amh, gan iad cumhdaithe ach le fuidreamh nó le grabhróga aráin, bídís réamhfhriochta in ola nó ná bídís, reoite
ex 1604 19 97	Éisc fionnuisce eile, ullmhaithe nó leasaithe, iomlán nó i bpíosaí, ach gan a bheith mionaithe, seachas filléid iasc, iad amh, gan iad cumhdaithe ach le fuidreamh nó le grabhróga aráin, bídís réamhfhriochta in ola nó ná bídís, reoite
ex 1604 20 10	Bradáin, arna ngabháil i bhfionnuisce, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, (seachas iad atá iomlán nó i bpíosaí, ach nach bhfuil mionaithe)
ex 1604 20 30	Salmainidí, arna ngabháil i bhfionnuisce, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, (seachas iad atá iomlán nó i bpíosaí, ach nach bhfuil mionaithe)
ex 1604 20 90	Éisc fionnuisce eile, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, (seachas iad atá iomlán nó i bpíosaí, ach nach bhfuil mionaithe)
1604 32 00	Ionadaigh chaibheáir
ex 1605 40 00	Cráifisceanna fionnuisce, iad ullmhaithe nó leasaithe
1605 51 00	Oisrí, iad ullmhaithe nó leasaithe
1605 52 00	Muiríní, lena n-áirítear cluaisíní, iad ullmhaithe nó leasaithe
1605 53 10 1605 53 90	Diúilicíní, iad ullmhaithe nó leasaithe
1605 56 00	Breallaigh, ruacain agus breallaigh na hÁirce, iad ullmhaithe nó leasaithe
1605 58 00	Seilidí, seachas seilidí mara, iad ullmhaithe nó leasaithe
ex 1605 59 00	Moilisc eile (seachas sliogáin den ghéineas Strombus (*Strombus* spp.)), iad ullmhaithe nó leasaithe
1605 63 00	Smugairlí róin, iad ullmhaithe nó leasaithe
1605 69 00	Inveirteabraigh eile uisce, iad ullmhaithe nó leasaithe”